# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/932 ÓN gCOIMISIÚN

## an 8 Bealtaine 2023

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí pireadailil

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach na substaintí gníomhacha a fhormheastar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí pireadailil ón 30 Meitheamh 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún ([3]), chun dáileadh cothrom freagairtí agus oibre a áirithiú idir na Ballstáit a bheadh ag gníomhú mar Bhallstáit is rapóirtéirí agus comhrapóirtéirí, agus na hacmhainní a mbeadh gá leo chun measúnú a dhéanamh ar an athnuachan agus le haghaidh cinnteoireachta á gcur san áireamh.

(3) Níor cuireadh isteach aon iarratas chun formheas na substainte gníomhaí sin a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún ([4]).

(4) An síneadh ar thréimhse formheasa na substainte gníomhaí pireadailil dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007, níl údar a thuilleadh leis. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh go rachaidh formheas na substainte sin in éag ar an dáta a rachadh sé in éag gan an síneadh a chur leis.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 1,4-démheitiolnaftailéin, 6-beinsioladainín, aicéacuinicil, *Adoxophyes orana* granulovirus, sulfáit alúmanaim, aimíosulbróm, *Aureobasidium pullulans* (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), asadaraictin, *Bacillus pumilus* QST 2808, beanalacsail-M, bicsifein, búipireamáit, *Candida oleophila* tréithchineál O, clórantrainileapról, fosfónáit déshóidiam, déthianón, dóidín, eimimeictin, fluibeindé-aimíd, fluaimeatúrón, flucsaipiorocsad, flutríafól, heicsitiasocs, iomasamocs, iopconasól, iosocsaibein, aigéad L-ascorbach, sulfar aoil, ola oráiste, *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901, peindémheatailin, peanfluifein, peintiaipiorad, fosfónáití déshóidiam, prósulfúrón, *Pseudomonas* sp. tréithchineál DSMZ 13134, pireadailil, pirióifeanón, piorocsulam, cuinmeireac, aigéad S-scoiteach, seadacsán, sintifein, tiasulfáit airgid sóidiam, spíonatóram, spiriteitreamat, *Streptomyces lydicus* tréithchineál WYEC 108, tó-fluvailionáit, teabúifeanóisíd, teambaitrí-ón, tíoncarbasón, vailifeanaláit, foisfíd since (IO L 414, 9.12.2020, lch. 10).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuirtear “30 Meitheamh 2024” in ionad an dáta sa séú cholún “Dul in éag an fhormheasa” d’iontráil 64, pireadailil.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN